Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10128/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0199(NLE)**

**TRANS 373**
**RELEX 782**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 307 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 307 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 307 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2022
COM(2022) 307 final

2022/0199 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

I bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá iompar lasta ón Úcráin iontach deacair. Tá bealaí tábhachtacha iompair le haghaidh iompar earraí tríd an Muir Dhubh blocáilte nó scriosta ag fórsaí míleata na Rúise, agus tá aerspás na hÚcráine dúnta don iompar sibhialtach. Tugtar tús áite d'iompar paisinéirí agus dídeanaithe ar an ngréasán iarnróid faoi láthair agus tá sé go mór i mbaol fós de bharr bombardaíochtaí de chuid na Rúise.

Faoi láthair rialaítear iompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin trí bhíthin dhá phríomhshásra, is iad sin comhaontuithe iompair déthaobhacha idir na Ballstáit agus an Úcráin, agus ceadúnais arna dtabhairt faoi chuimsiú chóras cuótaí iltaobhach Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) laistigh den Fhóram Iompair Idirnáisiúnta. Leis na sásraí sin, forchuirtear cuótaí ar tharlóirí ón dá thaobh maidir le hidirthuras agus le trádáil dhéthaobhach.

Meastar gurb é an t-iompar de bhóthar ceann de na príomhroghanna malartacha atá ann le cur ar chumas na hÚcráine a táirgí a onnmhairiú, lena n-áirítear gráin. Thacódh sé sin le geilleagar na hÚcráine ach bheadh sé ríthábhachtach freisin do gheilleagair eile ós rud é go bhfuil onnmhairiú tháirgí na hÚcráine amhail grán, breosla, bia-ábhair agus earraí eile ag éirí níos tábhachtaí i bhfianaise na n-ábhar imní atá ag dul i méid maidir le slándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain. Ag an am céanna, is rídhócha go rachadh úsáid mhéadaithe na n-oibríochtaí iompair de bhóthar i gcomparáid le gnáthamanna thar na cuótaí a leagtar amach sna comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus an Úcráin agus a tugadh trí ECMT laistigh den Fhóram Idirnáisiúnta Iompair.

Dá bhrí sin, thiocfadh an Comhaontú seo maidir le hiompar de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin in ionad na gcomhaontuithe déthaobhacha iompair atá ann cheana idir na Ballstáit agus an Úcráin agus d'éascófaí úsáid iompair mhalartaigh de bhóthar d'oibreoirí, toisc go léirscaoilfí oibríochtaí déthaobhacha agus idirthuras idir an dá Pháirtí.

Sa bhreis air sin, ó thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ní féidir le go leor tiománaithe ón Úcráin cloí leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le doiciméid tiománaí amhail iarratais ar cheadúnais tiomána idirnáisiúnta nó eisiúint doiciméad nua i gcás doiciméid a chailltear nó a ghoidtear. Cuirfidh an Comhaontú seo ar chumas an dá Pháirtí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin faoi imthosca eisceachtúla. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le bearta lena ndíolmhaítear tiománaithe ón gceanglas ceadúnas tiomána idirnáisiúnta a chur ar fáil, lena dtugtar aitheantas do chinntí arna ndéanamh ag an Úcráin chun bailíocht riaracháin doiciméad tiománaí a shíneadh agus bearta lena n-éascaítear malartú faisnéise idir údaráis inniúla an dá Pháirtí chun calaois agus brionnú doiciméad tiománaí a chomhrac.

Dá bhrí sin, is iomchuí Comhaontú a shíniú lena ndéantar léirscaoileadh ar iompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin i ndáil le hoibríochtaí déthaobhacha agus idirthuras agus ina bhfuil clásail shonracha a bhaineann le ceadúnais tiomána. Ba cheart teorainn ama a bheith leis an gComhaontú seo ach ba cheart go bhféadfaí é a athnuachan.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh foráil maidir leis an gComhaontú freisin sa phlean gníomhaíochta le haghaidh Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin[1], a bhfuil sé mar sprioc aige onnmhairiú talmhaíochta agus trádáil dhéthaobhach na hÚcráine leis an Aontas a éascú. Cuirtear in iúl sa phlean gníomhaíochta sin tiomantas an Aontais Eorpaigh tacú le geilleagar na hÚcráine agus le téarnamh eacnamaíoch na hÚcráine agus cuidiú le margaí bia an domhain a chobhsú agus slándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain a fheabhsú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú seo comhsheasmhach leis an mbeartas caidrimh sheachtraigh atá ag an Aontas faoi láthair leis an Úcráin. Tá Rialtas na hÚcráine tar éis Comhaontú den sórt seo a iarraidh mar bheart práinneach.

Bheadh an Comhaontú maidir le hiompar earraí de bhóthar leis an Úcráin i gcomhréir freisin leis an gComhaontú Comhlachais a síníodh an 27 Meitheamh 2014 idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin[2], ós rud é go ndéantar foráil ann in Airteagal 136 maidir le comhaontuithe bóthair speisialta a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí d'fhonn forbairt chomhordaithe agus léirscaoileadh céimnitheach ar an iompar idir na Páirtithe a áirithiú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Is é an Comhaontú an ionstraim is éifeachtúla chun feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar de bhóthar, ós rud é go gcuireann sé deireadh leis na srianta atá ann faoi láthair de bharr chórais na gcuótaí agus na gceadúnas.

Leis an gComhaontú atá beartaithe, ní chuirfear aon ualach breise riaracháin ná airgeadais ar údaráis na mBallstát ná ar an tionscal iompair i gcomparáid leis an staid reatha. Ina ionad sin, déanfar an t-ualach riaracháin ar an tionscal iompair agus ar na Ballstáit araon a laghdú. Go háirithe, cuirfear deireadh leis an ngá atá le ceadúnais iompair do tharlóirí de chuid an Aontais le haghaidh na gcatagóirí sonraithe de chearta iompair (cearta idirthurais agus cearta déthaobhacha), rud a laghdóidh an t-ualach ar thionscal iompair an Aontais agus ar údaráis na mBallstát i ndáil leis na foirmiúlachtaí riaracháin a bhaineann le ceadúnais den sórt sin a eisiúint agus a phriontáil.

---

1 COM(2022) 217 final

2 An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.

- **An rogha ionstraime**

Comhaontú idirnáisiúnta.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

In Airteagal 6 agus in Airteagal 7, áirítear sa Chomhaontú seo sásra athbhreithnithe d’fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena athnuachan agus ar a fhad a mhairfidh sé. Chun na críche sin, leagtar síos in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 7(2) go dtionólfar an Comhchoiste trí mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag don Chomhaontú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 údaraítear síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích.

Faoi Airteagal 2, cuirtear de cheangal ar Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí a bhunú chun an Prótacal a shíniú, faoi réir an Prótacal a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

Déantar foráil in Airteagal 3 maidir le cur i bhfeidhm sealadach i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú.

Le hAirteagal 4 déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm an Chinnidh atá beartaithe.

2022/0199 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Meitheamh 2022, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin i ndáil le Comhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin (an "Comhaontú" anseo feasta).

(2) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 14 Meitheamh 2022.

(3) I bhfianaise na díobhála atá á déanamh d'earnáil iompair na hÚcráine mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, is gá bealaí malartacha de bhóthar a aimsiú don Úcráin chun a cuid stoc gráin, breosla, bia-ábhar agus earraí ábhartha eile a onnmhairiú.

(4) Ós rud é nach gceadaítear faoi cheadúnais arna dtabhairt faoi chuimsiú chóras cuótaí iltaobhach Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) laistigh den Fhóram Iompair Idirnáisiúnta ná faoi chomhaontuithe déthaobhacha reatha leis an Úcráin, nach gceadaítear an tsolúbthacht is gá d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar na hÚcráine chun a n-oibríochtaí tríd an Aontas agus leis an Aontas Eorpach a mhéadú agus a phleanáil roimh ré, tá sé ríthábhachtach iompar lasta de bhóthar a léirscaoileadh le haghaidh oibríochtaí déthaobhacha agus idirthurais.

(5) De bharr chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine tá sé ag dul crua ar go leor tiománaithe ón Úcráin cloí leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le doiciméid tiománaí amhail iarratais ar cheadúnais tiomána idirnáisiúnta nó eisiúint doiciméad nua i gcás doiciméid a chailltear nó a ghoidtear. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar na himthosca eisceachtúla sin trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha lena ndíolmhaítear tiománaithe ón gceanglas ceadúnas tiomána idirnáisiúnta a chur ar fáil, lena dtugtar aitheantas do chinntí arna ndéanamh ag an Úcráin chun bailíocht riaracháin doiciméad tiománaí a shíneadh agus bearta lena n-éascaítear malartú faisnéise idir údaráis inniúla an dá Pháirtí chun calaois agus brionnú doiciméad tiománaí a chomhrac.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú seo, a bhfuil teorainn ama leis, a shíniú go práinneach thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(7) Chun tús a chur le leas a bhaint as éifeachtaí tairbhiúla an Chomhaontaithe seo ar iompar lasta agus chun onnmhairiú táirgí Úcránacha, go háirithe gráin, a cheadú a

luaithe is féidir, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú féin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo déantar síniú an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo mar Iarscríbhinn 1.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

*Airteagal 3*

Is go sealadach a chuirfear an Comhaontú i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú, ó dháta a shínithe, go dtí an uair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*